## An féidir roinnt ábhar a dhéanamh ag Leibhéal 3 agus CFL2nna a dhéanamh freisin?

Amanna beidh scoláire atá ag dul de CFL2 ábalta roinnt gnéithe d'ábhar nó de ghearrchúrsa Leibhéal 3 a bhaint amach ach bheadh bunús a gcláir ag Leibhéal 2.

## Deir an scoil go bhfuil mo pháiste ábalta ag CSTS (Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh) mar chuid den Teastas Sóisearach reatha.

Níor chóir do do pháiste bheith ag tabhairt faoi CFL2nna mar gur dearadh iad go díreach do na scoláirí sin nach bhfuil in inmhe an Teastas Sóisearach reatha a dhéanamh.

## Conas a thuairisceofar dul chun cinn mo pháiste?

Beidh tuairisciú rialta ann le linn na Sraithe Sóisearaí. Ag deireadh na sraithe sóisearaí, gheobhaidh do pháiste teastas scoile (Gradam Scoláire na Sraithe Sóisearaí) agus tuairisc scoile. Taifeadfar ar an teastas scoile torthaí sna ATFnna agus sna gearrchúrsaí a d'éirigh le do pháiste a chríochnú. Taifeadfar eispéiris eile foghlama agus gnéithe eile de shaol na scoile amhail tinreamh i dtuairisc na scoile.

## An raibh baint ag na scoileanna i bpleanáil na CFL2nna?

Sea. Forbraíodh na CFL2nna i gcomhar le scoileanna a bhí ag obair cheana leis an ngrúpa scoláirí seo. Bhain an CNCM earraíocht as an taithí sin chun réimse ábhair a chruthú ar CFL2nna do mhúinteoirí, atá le fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM.

Is ansin a gheofar na treoirlínte CFL2nna do mhúinteoirí, cásanna staidéir a léiríonn conas a cuireadh iad i bhfeidhm i suíomhanna difriúla chomh maith le físeáin ghearra chleachtais agus uirlis ar líne chun CFL2nna a phleanáil.

Beidh tuilleadh eolais ag iar-bhunscoil do pháiste ar an tsraith nua shóisearach agus conas a phleanálfaidh siad CFL2 leatsa agus le do pháiste.

## Tuilleadh a fháil amach

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an tsraith shóisearach go ginearálta agus ar Chláir Foghlama Leibhéal 2 féach:

www.juniorcycle.ie


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment


# Cláir Phearsantaithe i Sraith Shóisearach Nua

**Bileog Eolais Faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2**

Nuáil agus Sainiúlacht
Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua

# Tá **an tsraith shóisearach** ag athrú...

Tosóidh scoláirí na chéad bhliana in 2014 a thabhairt faoi mhíreanna den tsraith shóisearach nua.

Áirítear cláir sna hathruithe, ar a dtugtar Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) do mhionlach beag scoláirí le riachtanais speisialta oideachais ar leith. Ceapadh CFL2nna chun oiriúint do shuíomhanna scoileanna speisialta agus príomhshrutha araon.

Tógfaidh na CFL2nna ar fhoghlaim a tharla roimh ré agus tá siad deartha go príomha thart ar 5 Aonad Tosaíochta Foghlama (ATFnna) a dhíríonn ar na scileanna sóisialta, pearsanta agus réamhghairme a ullmhaíonn scoláirí le haghaidh staidéar breise, le haghaidh na hoibre agus an tsaoil.

## Áirítear ar na ATFnna:

**Cumarsáid agus Litearthacht:** Clúdaíonn sé seo idir mhodhanna briathartha agus neamhbhriathartha chun eolas a fháil agus a thabhairt. Déantar forbairt bhreise freisin ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht.

**Uimhearthacht:** Forbraíonn sé seo feasacht ar phatrúin agus ar ghaoil i gcruth agus in uimhreas chomh maith le scileanna i meastachán, tomhas agus réiteach fadhbanna.

**Cúram pearsanta:** Pléann sé seo le sláinte agus le folláine, agus clúdaíonn réimsí amhail bia sláintiúil agus stíleanna maireachtála sláintiúla.

**Ag cónaí i bpobal:** Forbraíonn scoláirí straitéisí chun comhchaidrimh dhearfacha a bhunú agus a choimeád le daoine thart timpeall orthu. Mar chuid de seo, áirítear cúnamh agus comhairle a lorg chomh maith le bheith ábalta coimhlint a láimhseáil.

**Ag ullmhú don obair:** Cabhraíonn sé seo le scoláirí an t-aistriú a dhéanamh ón scoil go dtí breisoideachas, traenáil nó fostaíocht.

## Cén teistiúchán atá ag dul le Clár Foghlama Leibhéal 2?

Gheobhaidh gach scoláire a chríochnaíonn clár sa tsraith shóisearach teastas a bhronntar ag Leibhéal 2, nó ag Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Bainfidh teastas ag Leibhéal 2 le CFL2nna. Déanann scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL2nna staidéar freisin ar dhá ghearrchúrsa ag an leibhéal sin.

## Conas a bheidh a fhios agam más cóir do mo mhac/iníon an clár seo a leanúint?

Is iad na scoláirí a thugann faoi CFL2 iad siúd a bhfuil míchumais acu atá catagóirithe sa réimse míchumais foghlama ghinearálta íseal-fheidhmiú éadrom go dtí ard-fheidhmiú meánach.

Bainfidh na scoláirí sin tairbhe as CFL2 mar go ndíríonn sé go sonrach ar fhorbairt agus ar fhoghlaim i réimsí ar nós: litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach, teanga agus cumarsáid, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaile agus forbairt shóisialta agus phearsanta.

Chomh fada agus is féidir beidh an scoláire páirteach i ranganna príomhshrutha.

## Clár pearsantaithe

Má mholtar an clár do do pháiste, leanfaidh sé/sí de chlár oideachasúil pearsantaithe a fhreastalóidh ar a c(h)uid riachtanas. Beidh sé comhdhéanta de ghnéithe ó gach ATF agus teagascfar iad sin trí churaclam ábhair na sraithe sóisearaí atá leagtha amach do gach scoláire ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Déanfar an CFL2 don scoláire aonair a fhorbairt i gcomhar leis na scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus gairmithe ábhartha eile.

Is féidir fianaise ar fhoghlaim a ghiniúint trí réimse leathana modhanna measúnaithe agus is féidir é a chur i láthair i bhfoirmeacha éagsúla.

## Gnéithe eile de chuid na CFL2nna

- Ealaíona léiritheacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh
- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid le haghaidh réimse cuspóirí
- Feasacht spásúil a fhorbairt
- Airgead a bhainistiú
- Éirí feasach ar ghnéasacht an duine
- Cinntí pearsanta a dhéanamh
- Saoráidí áitiúla a úsáid
- Roghanna tomhaltóra a dhéanamh
- Ullmhú le haghaidh gníomhaíochta atá bainte leis an obair
- Feasacht ar shláinte agus ar shábháilteacht a fhorbairt trí threalamh a úsáid